



Téarmaí agus Coinníollacha

DON SCÉIM UM ROGHANNA COMHSHAOL TALMHAÍOCHTA (AEOS)

AGUS DO

SCÉIM NATURA 2000

á dtabhairt isteach ag

AN AIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA

i bhFeidhmiú

Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle

DÁTA: 15 Deireadh Fómhair 2012

Bearta san áireamh i bPlean Forbartha Tuaithe CAP 2007-2013 arna cómhaoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíocht um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) den Aontas Eorpach

TÁBHACHTACH: BA CHÓIR A THABHAIRT AR AIRD, CÉ GUR ULLMHAÍODH AN LEABHRÁN TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SEO MAR CHÚNAMH D'IARRATASÓIRÍ, IS IAD NA RIALACHÁIN AE RIALAITHE IS BONN CINNTE DO RIARADH NA SCÉIMEANNA ATÁ I GCEIST, GO HÁIRITHE MAIDIR LE hINCHÁILITHEACHT AGUS, NUAIR IS CUÍ, LE hAON PHIONÓIS A D'FHÉADFAÍ A GHEARRADH.

1. Achoimre Ghinearálta agus Bunús Dlí

- 1.1. Is iad seo na forálacha riaracháin d'fheidhmiú na Scéimeanna a dréachtaíodh de réir Rialacháin Uimh. 1698/2005 (CE) ón gComhairle arna leasú.
- 1.2. Is ionann an doiciméad seo agus an creat d'fheidhmiú na rialacha mionsonraithe atá i Rialacháin 1974/2006 agus 65/2011 (CE) ón gCoimisiún arna leasú.

2. Forálacha Ginearálta

- 2.1. Is tríd an Roinn a riarfar na Scéimeanna agus feidhmeoidh siad ar fud an Stáit.
- 2.2. Tá na Scéimeanna cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach agus ag an Státchiste Náisiúnta.
- 2.3. Féadfaidh feirmeoirí atá rannpháirteach sa Scéim Feirmeoireachta Orgánaí a bheith rannpháirteach sna Scéimeanna seo agus íocaíocht a tharraingt anuas ach ní féidir leo íocaíocht a éileamh do na gníomhartha seo a leanas ar phacáistí atá dearbhaithe le haghaidh íocaíochta faoin Scéim Feirmeoireachta Orgánaí.
 - a) Tailte Féaraigh ar Mhórán Speiceas
 - b) Móinéar Tirim Traidisiúnta
 - c) Imill Bhruachánacha
 - d) Imill Arúla agus
 - e) Bunú agus Cothabháil Gnáthóga
- 2.4. Tá iarratasóirí ar mhaolú ón riachtanas feidhm teoranta 170 kg níotráite as aoileach beostoic in aghaidh an heicteáir a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach i IR 610 de 2010, curtha as an áireamh d'íocaíocht do na gníomhartha seo a leanas:
 - a) Tailte Féaraigh ar Mhórán Speiceas
 - b) Móinéar Tirim Traidisiúnta
 - c) Imill Bhruachánacha
 - d) Imill Arúla agus
 - e) Bunú agus Cothabháil Gnáthóga

- 2.5. Ní féidir le rannpháirtithe Scéim Feirmeoireachta Bhoirne ar mhaithe leis an gCaomhnú (**BFCS**) a mbíonn orthu obair ar bhallaí cloiche faoin scéim sin Cothabháil ar Bhallaí Cloiche a roghnú mar ghníomh d'AEOS.
- 2.6. Is íosthréimhse cúig bliana a bheidh ann do ghnóthais.
- 2.7. Tá rannpháirtíocht sna Scéimeanna deonach.

3. Sainmhínithe

Chun críche na Scéimeanna:

- 3.1. Ciallaíonn **“Roinn”** an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ach amháin nuair a luaitear a mhalairt.
- 3.2. Ciallaíonn **“Aire”** An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- 3.3. Ciallaíonn **“ÉILEAMH AR ÍOCAÍOCHT BHLIANTÚIL”** éileamh ar íocaíocht Chomhshaol Talmhaíochta nó Natura a cuireadh faoi bhráid faoi Iarratas na Scéime Íocaíochta Aonair (Airteagal 8, Rialachán (CE) Uimh 65/2011 ón gCoimisiún).
- 3.4. Ciallaíonn **“IARRATAS”** iarratas ar thacaíocht.
- 3.5. Ciallaíonn **“COIMÍN”** a d'fhéadfadh a bheith incháilithe d'íocaíocht, tailte atá i gcomhúinéireacht a bhfuil Creatphlean Coimíneachta ullmhaithe ina leith. Beidh san áireamh ann freisin tailte a bhfuil teidlíochtaí féaraigh ag daoine orthu agus ar ullmhaíodh creatphlean coimíneachta ina leith.
- 3.6. Ciallaíonn **“CREATPHLEANANNA COIMÍNEACHTA” (CFP)** pleananna bainistíochta a ullmhaíodh do gach coimín/limistéar cearta féaraigh mar a chomhcheadaigh an Roinn agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.
- 3.7. Ciallaíonn **“DUINE DEN TEAGHLACH”** céile, páirtí sibhialta, tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, iníon, garpháiste nó nia/neacht is mó fabhar
- 3.8. Ciallaíonn **“FEIRM” nó “GABHÁLTAS”** na haonaid táirgthe uile sa Stát (faoi úinéireacht, ligthe ar léas agus ar cíós) atá faoi rialú an iarratasóra.
- 3.9. Ciallaíonn **“FEIRMEOIR”** táirgeoir talmhaíochta aonair, cibé an duine nádúrtha nó dlíthiúil nó grúpa daoine nádúrtha nó dlíthiúla, cibé stádas dlíthiúil a dheonaítear don ghrúpa agus dá bhaill de réir an dlí náisiúnta, a bhfuil a ghabháltas laistigh den Stát.
- 3.10. Ciallaíonn **“FEIRMEOIREACHT”** feirmeoireacht déiríochta, táirgeadh beostoic, agus saothrú farae agus barraí curaíochta agus fás barraí gairneoireachta.
- 3.11. Ciallaíonn **“IACS”** an Córas Rialaithe & Riaracháin Comhtháite a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle
- 3.12. Ciallaíonn **“NATURA 2000”** tailte ainmnithe faoi na Treoracha 79/409/CEE, 92/43/CEE agus 2000/60/CE (Treoracha maidir le hÉin, Gnáthóga nó Creat Uisce) agus a dhearbhaítear in ainm an iarratasóra ina (h)/iarratas ar Scéim Íocaíochta Aonair 2012.
- 3.13. Ciallaíonn **“INFHEISTÍOCHTAÍ CAIPITIL NEAMHTHÁIRGIÚLA”** infheistíochtaí i gcrainn, fáлта, claíochta nó umair uisce iníochta thar chúig bliana.

- 3.14. Ciallaíonn **“PLEANÁLAÍ”** duine nó daoine le cáilíochtaí gairmiúla i dtalmhaíocht agus/nó in eolaíocht an chomhshaoil.
- 3.15. Ciallaíonn **“TALAMH AR CÍOS”** tailte a tógadh agus a saothraíodh ar feadh tréimhsí níos lú ná tréimhse chonartha AEOS.

4. Cuspóirí na Scéimeanna

Is iad cuspóirí na Scéimeanna:

- 4.1. Bithéagsúlacht a chur chun cinn, bainistiú/cáilíocht uisce a spreagadh agus athrú aeráide a chomhrac, agus
- 4.2. Cur le bainistiú dearfach comhshaoil shuímh Natura 2000 a bhfuil feirmeoireacht déanta orthu agus leis na habhantracha i bhfeidhmiú na Treorach maidir leis na hÉin, na Treorach maidir leis na Gnáthóga agus na Treorach maidir leis an gCreat-uisce.

5. Coinníollacha do Dheonú Cúnaimh

- 5.1. Déanfar líon na bhfeirmeoirí a nglactar leo sna Scéimeanna a chinneadh ag an maoiniú atá ar fáil.
- 5.2. Tá an maoiniú do na Scéimeanna teoranta agus glacfar le hiarratais faoi réir uasteorann maoinithe foriomláine €20 milliún in aghaidh na bliana féilire.
- 5.3. Is é €4,000 uasmhéid an mhaoinithe iníoctha in aghaidh an iarratasóra in aghaidh bliain iomlán féilire. Ach i gcás Comhpháirtíochtaí Feirme Cláraithe a chuimsíonn níos mó ná comhpháirtí incháilithe amháin, méadófar an t-uasmhéid dá dtagraítear thuas faoi líon na gcomhpháirtithe incháilithe faoi réir uasmhéid de 3.
- 5.4. Coimeádann an tAire an ceart aige féin chun téarmaí agus coinníollacha na Scéime(anna) a athrú, an Scéim (na Scéimeanna) a dhúnadh agus/nó an cúnaimh deontais a athrú ag an am.

6. Critéir roghnaithe

- 6.1. Tabharfar tosaíocht do roghnú iontrála do na Scéimeanna agus úsáid á baint as critéir réamhbheartaithe mar seo a leanas:
 - 1) Iarratasóirí a bhfuil 0.5 heicteár ar a laghad de thalamh Natura Talmhaíochta Inúsáidte acu. Más mó líon na n-iarratasóirí sa chatagóir seo ná an maoiniú iomlán atá ar fáil tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil an limistéar Natura talmhaíochta inúsáidte is mó acu.
 - 2) Iarratasóirí a bhfuil 0.5 heicteár ar a laghad de thalamh Natura Talmhaíochta Inúsáidte acu. Más mó líon na n-iarratasóirí sa chatagóir seo ná an maoiniú iomlán atá ar fáil fós tabharfar tosaíocht dóibh siúd a bhfuil an limistéar coimíneachta talmhaíochta inúsáidte is mó acu.
 - 3) Rannpháirtíocht i REPS roimhe seo.

4) Méid na feirme (le fabhar do ghabháltais níos lú) bunaithe ar an limistéar talmhaíochta inúsáidte.

5) Suíomh feirmeacha i Limistéir Mhídheisiúla

Chun críocha roghnaithe is iad na limistéir is ábhartha d'iarratas na n-iarratasóirí ar an Scéim Íocaíochta Aonair 2012 a úsáidfear.

Bainfidh tuilleadh critéar roghnaithe mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn 2 le hIarratais faoi Thosaíochtaí Comhshaoil 'Stop á Chur le Meath Bithéagsúlachta - Foirm B', 'Cáilíocht Uisce a Chothabháil - foirm W' agus 'Athrú Aeráide a Chomhrac - Foirm C', más gá.

- 6.2. Má bhíonn gné d'infheistíocht chaipitil neamhtháirgiúil san áireamh i ngníomh a roghnaíonn iarratasóir, déanfar an t-iarratas a bhreithniú i bhfianaise, i measc rudaí eile, iontaofachta an iarratasóra maidir le haon oibríochtaí cómhaoinithe AE eile roimhe seo ar tugadh fúthu ó 2000.
- 6.3. Féadfaidh an tAire diúltú d'iarratais nó a cheangal orthu go n-athraítear iad más amhlaidh, dar leis, nach dóigh go gcuirfidh siad le cuspóirí na Scéimeanna.
- 6.4. Ní hionann iarratas bailí a chur isteach agus ráthaíocht iontrála sna Scéimeanna.
- 6.5. Tabharfar scéal i scríbhinn do na hiarratasóirí roghnaithe a n-éireoidh leo faoina nglacadh isteach sa scéim agus dáta tosach feidhme a gconartha.
- 6.6. Ní bhreithneofar gníomhartha a rinneadh roimh an dáta tosach feidhme ar tugadh fógra faoi, le haghaidh íocaíochta.

7. Conarthaí

- 7.1. Mairfidh gach Conradh ar feadh cúig bliana ar a laghad rud a chuirfidh lena bhfad thar dhul in éag tréimhse reatha na gclár ar *31 Nollaig 2013*. Tairgfear deis do rannpháirtithe na scéime a dtiomantas a choigeartú don chuid atá fágtha de thréimhse a gconartha do chreat dlíthiúil na tréimhse dar tús *1 Eanáir 2014*. Mura bhfuil coigeartú dá leithéid inghlactha ag an rannpháirtí féadfaidh sé/sí tarraingt amach as na scéimeanna gan aon cheangaltas aisíocaíochta maidir leis an gcúnamh a fuarthas cheana. De bhun Alt 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1974/2006, d'fhéadfadh go mbeadh athbhreithniú ar an tiomantas ag teastáil bainteach go díreach le leasú ar Airteagail 5 nó 6 de Rialachán 73 de 2009. Mura bhfuil an rannpháirtí in ann glacadh leis na ceangaltais rialála nua seo, féadfaidh sé/sí tarraingt amach as na Scéimeanna gan aon cheangaltas orthu an cúnamh a fuarthas cheana a aisíoc.
- 7.3. Tá conarthaí neamh-inaistrithe ach amháin sna cásanna seo:
 - a) breoiteacht thromchúiseach dhearbhaithe.
 - b) aistriú an ghabháltais chuig dtí duine den teaghlach.
 - c) bás an rannpháirtí.
- 7.4. Ní mór d'fheirmeoirí a nglactar leo sna Scéimeanna meas a bheith acu ar:
 - a) gach ceangaltas AE ábhartha agus reachtaíocht náisiúnta.

- b) na coinníollacha atá leagtha amach sa doiciméad seo.
- c) na Ceanglais Bainistíochta Reachtúla (SMRanna) agus Dea-Choinníollacha Talmhaíochta agus Comhshaoil (GAEC) na Scéime Íocaíochta Aonair agus eolas cothrom le dáta den chéanna ar an ngabháltas ar fad Aonair.

7.5. Ní mór do na hiarratasóirí ar fad a ghlactar isteach san AEOS foirm iarratais bailí SPS a sheoladh isteach gach aon bhliain den chonradh.

8. Infheistíochtaí Caipitil Neamhtháirgiúla

Sa chás go n-áiríonn gníomh a roghnaíonn an t-iarratasóir gné infheistíochta caipitil neamhtháirgiúil beidh feidhm leis na coinníollacha seo a leanas:

- 8.1. Ní thabharfar cúnamh i leith oibreacha ar cuireadh tús leo nó as ábhair a ceannaíodh sula gcuirtear in iúl don iarratasóir i scríbhinn go bhfuil siad glactha isteach ar na Scéimeanna.
- 8.2. Ní íocfar cúnamh deontais i leith (a) ábhair nó trealamh dara láimhe, nó (b) as obair a rinne conraitheoirí nach gcomhlíonann na ceanglais imréitigh cánach atá leagtha síos i gCuid 28.
- 8.3. Ní mór admhálacha nó sonraisc agus iad marcáilte íochta a sholáthar mar thacaíocht i leith éileamh ar íocaíocht. Ní mór go mbeadh an admháil déanta amach ag an díoltóir agus ainm an iarratasóra a bheith air.
- 8.4. Tabharfar aitheantas in íocaíocht as infheistíochtaí caipitil neamhtháirgiúla maidir le saothar an rannpháirtí féin suas go 50% den chostas incheadaithe. Áirítear costas úsáid innealra sa chostas saothair.
- 8.5. Ag teacht le cleachtas ginearálta an Rialtais, tá íocaíocht cúnamh airgeadais mar thacaíocht d'infheistíocht chaipitil neamhtháirgiúil faoi réir ag an gcoinníoll seo a leanas. Sa chás go bhfostaíonn iarratasóir conraitheoir le cuid den infheistíocht nó an infheistíocht ar fad a dhéanamh, ní mór go mbeidh Deimhniú C2 reatha nó deimhniú imréitigh cánach ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ag a leithéid sin de chonraitheoir sa chás go sáraíonn iomlán na n-admhálacha ón gconraitheoir sin €635. Ní mór fianaise maidir le comhlíonadh cánach a sheoladh isteach nuair atáthar ag seoladh isteach sonraisc nó admhálacha.
- 8.6. Ní mór an obair ar infheistíocht chaipitil neamhtháirgiúil a thabhairt chun críche faoi dheireadh mhí an Mhárta 2014. Beidh feidhm i gcónaí leis an mhír nó na míreanna is ábhar den infheistíocht agus beidh cothabháil le déanamh orthu i ndea-ord le linn tréimhse an chonartha.
- 8.7. Aisíocfar costas na hinfeistíochta caipitil neamhtháirgiúil leis an rannpháirtí i dtráthchodanna comhionanna thar cúig bliana iomlán féilire.
- 8.8. Ní mór d'fheirmeoirí taifid den sórt sin a choinneáil mar a fhorordóidh an Roinn.

9. Incháilitheacht

Ar mhaithe le bheith incháilithe chun a bheith rannpháirteach ní mór d'fheirmeoir:

- 9.1. A bheith ocht mbliana déag nó níos mó ar dháta an iarratais ar thacaíocht.

- 9.2. Go mbeadh uimhir thréada gníomhach ina shealbh ag an iarratasóir le stádas Úinéir Tréada nuair atáthar ag déanamh an iarratais. Ní ghlacfar le Coimeádaí Tréada.
- 9.3. Áirítear an uimhir thréada ar an fhoirm iarratais, a bheidh mar a chéile leis an uimhir a úsáideadh sna hiarratais ar an Scéim Íocaíochta Aonair.
- 9.4. Na tailte ar fad a ndéantar feirmeoireacht orthu a dhearbhu ar an gCóras Rialaithe agus Riaracháin Comhtháite (IACS).
- 9.5. Tabhairt faoi anailís ithreach a dhéanamh ar na tailte ar fad atá dearbhairte ar an Scéim Íocaíochta Aonair (SPS) sa bhliain 2013 de réir Sceideal 1 de SI 610 de 2010 (Rialacháin Níotráite) roimh 31 Márta 2014, ar an gcoinníoll go bhfuil feirmeoireacht á dhéanamh ar an talamh ag an tráth a bhfuil an anailís á déanamh, ón uair a ghlactar léi/leis ar an Scéim. Comhlíonfaidh fianaise go ndearnadh anailís ar na hithreacha an 1 Eanáir 2011 nó tar éis an cheanglais seo. Fágfar aon talamh Coimíneachta a bhfuil feirmeoireacht á dhéanamh air as an áireamh ón gceanglas seo.

Beidh dáileachtaí iomlána LPIS de thalamh ar chineál sléibhe agus faoi úinéireacht phríobháideach agus féarach garbh díolmhaithe freisin ón gceanglas anailís a dhéanamh ar ithreacha ar an gcoinníoll go bhfuil:

- dearbhú i scríbhinn seolta isteach nach gcuirfear aon leasacháin orgánach nó ceimiceach ar an talamh atá díolmhaithe le linn tréimhse chonartha AEOS 3.
- an dearbhú Comhshínithe ag pleanálaí cláraithe ón gCóras Comhairle Feirme (FÁS).
- Glactha leis go mbeidh an talamh ar fad atá díolmhaithe ag leibhéal Innéacs Fosfair 4 chun críocha cros-chomhlíonta.

Chun críocha AEOS 3 sainmhínítear féarach garbh mar thalamh nach féidir leasacháin ceimiceach nó orgánach a chur amach air ar bhealach meicniúil.

- 9.6. Seoltar isteach iarratas bailí ar thacaíocht a shainaitníonn go soiléir na gníomhartha atá á roghnú agus an dáileacht/na dáileachtaí LPIS ar a ndéanfar seachadadh ar na gníomhartha le cóip de léarscáil na feirme a thugann imlíne shoiléir ar uimhir cheapa/LPIS na dáileachta agus an áit laistigh den cheap/LPIS ar a ndéanfar na gníomhartha a sheachadadh.
- 9.7. Ní mór, ar mhaithe leis na gníomhartha ar fad go mbeidh limistéar talmhaíochta inúsáidte sa dáileacht atá roghnaithe ar an iarratas ar thacaíocht. Sa chás gur ag nialas a bhí limistéar tagartha na dáileachta ar an gCóras Riaracháin agus Rialaithe Comhtháite (IACS) in 2012 ní mheasfar go bhfuil úsáid talmhaíochta á bhaint as an dáileacht.
- 9.8. Níl rannpháirtithe AEOS nó daoine a bhfuil conarthaí leanúnacha acu ar aon cheann de na Scéimeanna seo a leanas in 2013 incháilithe:
- a) An Scéim Plean Feirme do Limistéir Ainmnithe agus do Choimíneacht arna fheidhmiú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, nó
 - b) An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath
- 9.9. Níl gníomhartha ar thalamh ar cíós incháilithe le haghaidh íocaíocht.

- 9.10. Ní mór gníomhartha limistéarbhunaithe a sheachadadh ar bhonn dáileacht iomlán LPIS.
- 9.11. Sa chás go bhfuil an gníomh a éilíodh ar limistéar ar an AEOS níos lú ná an limistéar a ndearnadh éileamh ina leith ar an SPS ansin ní mór an gníomh a sheachadadh ar an dáileacht iomlán LPIS.
- 9.12. Tá na láithreacha Natura atá ainmnithe ar bhonn páirt-dháileachta díolmhaithe ó fhorálacha 9.10 agus 9.11 chun críocha éileamh a dhéanamh ar íocaíocht Natura. Sa chás go dtarscaoiltear íocaíocht Natura ar thalamh neamhchoimíneachta agus go n-éilítear íocaíocht ar Thalamh Féaraigh Saibhir i Speicis nó ar Mhóinéir Féir Thraidisiúnta ina ionad, ansin beidh feidhm le forálacha 9.10 agus 9.11
- 9.13. Ní mór gníomhartha líneach-bhunaithe a léiriú ar bhonn dáileachta LPIS aonair agus ní mór a suíomh a bheith marcáilte go soiléir ar an léarscáil. Is féidir barrscoitheadh agus leagan fáлта sceach agus cothabháil ballaí cloiche a sheachadadh ar dháileachtaí atá roghnaithe ar mhaithe le gníomhartha limistéar-bhunaithe seachas talamh coimíneachta. Chomh maith leis sin féadfar foinsí uisce eile don ghníomh buaibheach a sheachadadh ar Thalamh Féaraigh Saibhir i Speicis nó ar Mhóinéir Féir Thraidisiúnta.
- 9.14. Ní féidir Gníomhartha ar nós Bunú agus Cothabháil Gnáthóga, Ciumhaiseanna Arúla agus Ciumhaiseanna Bruachánach, Plandáil Crann (Caighdeánach nó Buinneáin) agus Plandáil Fáлта Sceach Nua a roghnú ar an dáileacht chéanna le gníomh ceantar-bhunaithe mar a dearbhaíodh ar fhoirm na Scéime Íocaíochta Aonair 2012 an iarratasóra.
- 9.15. Sa chás go roghnaítear dhá ghníomh limistéar-bhunaithe nó níos mó ar an LPIS céanna, ní mór achar gach aon ghníomh roghnaithe a shainiú le teorainn bhuan agus ní mór iarratas a dhéanamh i bhFhoirm Iarratais na Scéime Íocaíochta Aonair 2013 leis an limistéar faoi gach aon ghníomh a dhigitiú ina ndáileachtaí ar leith do gach gníomh limistéar-bhunaithe.
- 9.16. Ní mheasfar ach gabháltais le hachar de 0.5heic nó níos mó de thalamh inúsáidte talmhaíochta ainmnithe agus nó coimíneacht mar ghabháltais le talamh Natura nó talamh Coimíneachta do chríocha na Scéime AEOS 3.
- 9.17. Ní mór d'iarratasóirí atá i mbun feirmeoireachta ar thalamh Coimíneachta nó Natura agus atá incháilithe i leith íocaíochta ag tráth déanta an iarratais le 0.5heic nó níos mó plean bainistíochta inbhuanaithe a sheoladh isteach atá ullmhaithe ag pleanálaí de réir Sonraíochtaí na Scéime atá foilsithe ag an Roinn.
- 9.18. Níl Cuid 9.17 éigeantach d'iarratasóirí nach bhfuil aon Talamh Coimíneachta incháilithe acu agus a bhfuil limistéar 5heic nó níos mó de thalamh Natura atá comhdhéanta go hiomlán d'aibhneacha atá ainmnithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta. Mar rogha air sin, is féidir leis na hiarratasóirí sin Cáilíocht Uisce a Chothabháil a roghnú mar phríomhchuspóir comhshaoil trí **Fhoirm W** a chomhlánú.

10. Nós imeachta maidir le hIarratas

- 10.1. Déanfar iarratas ar thacaíocht faoi na Scéimeanna agus éileamh íocaíochta de réir Airteagal 3 de Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh. 65/2011.
- 10.2. Chun iarratas ar thacaíocht a dhéanamh, ní mór don fheirmeoir foirm iarratais a chomhlánú. Ní mór an fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh díreach chuig:
 - An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
 - Rannán AEOS 3
 - Eastát Caisleán Bhaile Sheáin
 - Co. Loch Garman
- 10.3. Ní mór iarratais chomhlánaithe a sheoladh isteach tráth nach déanaí ná an 30 Samhain, 2012.
- 10.4. Sa chás nach bhfaigheann an Roinn an t-iarratas comhlánaithe a sheol tú sa phost, éileofar ort admháil **Swift post** nó **Post Cláraithe** a sholáthar mar chruthúnas postais. (Ní ghlacfar le hadmháil postais trí ghnáthphost mar chruthúnas bailí gur seoladh isteach an t-iarratas).
- 10.5. Ní mór d'fheirmeoir a ghlactar isteach ar na Scéimeanna éileamh íocaíochta a sheoladh isteach ar bhonn bliantúil laistigh den spriocdháta le hiarratais ar Íocaíocht Aonair a sheoladh isteach. Chun críocha na Scéimeanna sin, beidh an t-éileamh ar íocaíocht bhliantúil mar chuid d'iarratas ar Íocaíocht Aonair bhliantúil.
- 10.6. Meastar an limistéar atá dearbhaithe in iarratas bliantúil na Scéime Íocaíochta Aonair a bheith mar an limistéar a bhfuil íocaíocht á éileamh ina leith. Sa chás go bhfuil an limistéar seo níos mó ná an limistéar atá luaite san iarratas ar thacaíocht, déanfar an íocaíocht a ríomh i leith limistéar atá níos lú.
- 10.7. Sa chás go seoltar isteach an t-iarratas ar Íocaíocht Aonair tar éis an dáta deiridh le hiarratais a fháil faoin scéim sin agus go mbíonn pionós i gceist mar gheall ar an iarratas a sheoladh isteach déanach, cuirfear an leibhéal céanna pionóis i bhfeidhm ar an éileamh íocaíochta faoi na Scéimeanna sin freisin leis an leibhéal pionóis le héileamh a sheoladh isteach déanach.

11. Gníomhartha a bheidh le déanamh

- 11.1. Ní mór d'iarratasóir gníomhartha a roghnú de réir forálacha IARSCRÍBHINN 1.

12. Laghdú Gnímh

- 12.1. Sa chás nach leantar le cuid den ghníomh nó leis an ngníomh ar fad ar feadh tréimhse an chonartha, aisíocfar cuid den chúnamh nó an cúnaimh ar fad maidir leis an ngníomh agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí pionós i bhfeidhm.
- 12.2. Ní bheidh gá le cúnaimh a aisíoc sna cásanna seo a leanas:
 - a) sa chás go bhfuil an rannpháirtí tar éis an fheirmeoireacht a thabhairt suas agus go raibh trí bliana den ghníomh tugtha chun críche.
 - b) sa chás go mbíonn feidhm le forálacha 7.1 nó 7.2

- c) maidir le talamh faoi fhoraoisiú faoi Rialachán Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (CE).
- d) Sa chás, mar gheall ar thalamh a fuarthas faoi Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO), nach féidir leis an rannpháirtí leanúint leis an ngníomh seo, ní bheidh aisíoc riachtanach maidir leis an ngníomh.
- e) Maidir le tailte a aistríodh mar gheall ar cheangal Ordú Cúirte mar thoradh ar:
 - cholscaradh nó imeachtaí idirscartha breithiúnais, nó
 - shocraíocht pósta nó comhaontú idirscartha.

13. Monatóireacht agus Meastóireacht

Déanfar monatóireacht agus meastóireacht ar an gclár AEOS ag teacht le forálacha Rialacháin ón gCoimisiún (CE) Uimhir 65 de 2011 arna leasú.

14. Seiceálacha Rialacháin agus Comhlíonta

- 14.1. Beidh gach iarratas tacaíochta agus éileamh íocaíochta faoi réir ag seiceálacha riaracháin agus aon rialaithe eile a mheasfar a bheith riachtanach, sula dtugtar ceadanna nó a ndéantar íocaíochtaí faoi na Scéimeanna. Éascóidh na hiarratasóirí riarachán den chineál sin agus spotseiceáil de réir mar a mheasann an Roinn iad sin a bheith riachtanach. Déanfar iarratais a chros-seiceáil i gcoinne taifid atá á gcoinneáil ag an Roinn.
- 14.2. Déanfar spotseiceáil ar an láthair ag leibhéal feirme le comhlíonadh ceanglais na Scéimeanna a chinntiú.
- 14.3. Déanfar an ceangaltas ar a n-éilítear íocaíocht ina leith a chros-seiceáil leis an mbunachar sonraí ábhartha.
- 14.4. Déanfar aon sárú ó thaobh cros-chomhlíonadh a thugtar ar aird le linn cigireacht feirme a chros-thuairisciú d'Aonad Íocaíochta Aonair na Roinne.
- 14.5. Ciallóidh aon sárú ar an ghné bhunlíne cros-chomhlíonta ar a bhfuil gníomh AEOS bunaithe nach ndéanfar aon íocaíocht i leith an ghnímh sin ar feadh bliain féilire iomlán.
- 14.6. Ní dhéanfar aon íocaíocht i bhfabhar tairbhithe go bhfuil an Roinn ar an tuiscint gur chruthaigh siad go saorga na coinníollacha a bhí riachtanach le híocaíochtaí den sórt sin a fháil le súil le buntáiste a fháil atá in aghaidh cuspóirí na scéime.

15. Nós Imeachta Íocaíochta

- 15.1. Nuair atá seiceáil riaracháin ar na héilimh íocaíochta bailí tugtha chun críche, féadfar suas le 75% de gach teidlíocht íocaíocht aonair a eisiúint.

- 15.2. Eiseofar an t-iarmhéid ábhartha nuair atá an spotseiceáil ar fad tugtha chun críche.
- 15.3. Tá sé mar fhreagracht ar an bhfeirmeoir a chinntiú go bhfuil an doiciméadacht atá riachtanach le híocaíochtaí den chineál caipitil a scaoileadh curtha isteach de réir fhoirm iarratais oifigiúil na Roinne.
- 15.4. Tá sé mar fhreagracht ar an bhfeirmeoir foirmeacha éilimh íocaíochta na dara bliana agus na blianta ina dhiaidh sin a chur isteach, m.sh., Foirm Iarratais na Scéime Íocaíochta Aonair.
- 15.5. Tá rátaí íocaíochta leagtha amach in IARSCRÍBHINN 3
- 15.6. Déanfar íocaíocht i ndáil leis an ngníomh '*Caomhnú Acmhainní Géiniteacha Ainmhithe*' agus '*Úsáid Teicneolaíochtaí Nua chun Sciodar a Leathadh*' i riaráiste.
- 15.7. Is ionann uasíocaíocht d'aon rannpháirtí agus comhionann €4,000 i leith bliain féilire.

16. Pionóis

- 16.1. Má mhainnítear Téarmaí agus Coinníollacha a chomhlíonadh gearrfar pionós/smachtbhannaí iomchuí mar thoradh air.
- 16.2. Beidh feidhm le pionóis i gcás sáruithe sonracha áirithe de na Scéimeanna agus tá siad sin leagtha amach in IARSCRÍBHINN 4 agus IARSCRÍBHINN 5.
- 16.3. Áireofar ar phionóis airgeadaíochta ús is iníochta ag an ráta dá bhforáiltear dó faoi SI 13/2006. Déanfar ús a ríomh don tréimhse atá caite idir fógra a thabhairt don fheirmeoir maidir le hoibleagáid aisíocaíochta agus aisíocaíocht nó asbhaint.
- 16.4. Féadfar méideanna na bpionós a asbhaint ó íocaíochtaí atá dlite do thairbhí amach anseo faoi Scéimeanna eile atá maoinithe ag an AE nó faoi Scéimeanna cómhaoinithe eile.
- 16.5. Sa chás nach ndéantar pionóis airgeadais a íoc ar ais nó nach bhfaightear ar ais iad laistigh den tréimhse a n-éilítear iad, féadfaidh an Roinn cibé beart a mheasfaidh sí a bheith riachtanach a ghlacadh lena bhfáil ar ais.
- 16.6. D'fhéadfadh sé nach ndéanfaí íocaíocht ar bith don bhliain atá i gceist nó go scorfaí rannpháirtíocht agus/nó go mbeadh eisiámh ó na Scéimeanna i gceist ar feadh tréimhse atá ag teacht le tromchúiseacht an tsáraithe, agus go mbeadh airgead a íocadh cheana féin le haisíoc, mar thoradh ar shárú tromchúiseach, d'aon turas ar choinníollacha na scéime
- 16.7. Caithfear le gníomhartha atá roghnaithe le freastal ar íoscheanglais iontrála chuig Catagóir 3 & 4 (féach Iarscríbhinn 1), mar chritéir incháilitheachta, agus ní mór na coinníollacha príomhchritéir incháilitheachta atá ag gabháil leis na gníomhartha sin a chomhlíonadh ina n-iomláine. Measfar rannpháirtithe nach bhfreastalaíonn ar na coinníollacha neamh-incháilithe, cuirfear deireadh lena gcuid conarthaí agus aisíocfar an t-airgead ar fad atá íoctha amach cheana féin.
- 16.8. Faoi réir ag an fhoráil sháraitheach in Alt 16.7, ciallóidh pionós de 100% ar cheann amháin nó níos mó de na gníomhartha atá roghnaithe nach n-íocfar ceachtar de na gníomhartha sin ar feadh na bliana áirithe sin. Cé go

bhféadfaidh an rannpháirtí leanúint le bheith san AEOS/ ní íocfar leis/léi ach na blianta conartha atá fanta agus as an méid atá déanta.

- 16.9. Is ionann na pionóis atá leagtha amach sa Sceideal agus na smachtbhannaí is ísle a chuirfear i bhfeidhm. Coimeádann an Roinn an ceart i ngach cás le hathbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid chun a fháil amach cibé an bhfuil coinníollacha na Scéime sáraithe, ar a bhféadfadh smachtbhannaí nó foirceannadh an chonartha agus aisíoc an chúnaimh ar fad a bheith mar thoradh air.
- 16.10. Sa chás go bhfuil pionós limistéar-bhunaithe á chur i bhfeidhm beidh feidhm le rialacha an Chórais Riaracháin agus Rialaithe Comhtháite (IACS)

17. Cros-Chomhlíonadh

Sa chás, trí chigireacht ar an Scéim Íocaíochta Aonair, go dtugtar sárú cros-chomhlíonadh faoi deara nó go bhfuil eolas tugtha ina leith don ghníomhaireacht íocaíochta, cuirfear ar a laghad leibhéal an phionóis a chinntear faoin SPS i bhfeidhm ar íocaíochtaí faoi na Scéimeanna sin freisin. Cros-tuairisceofar gach sárú maidir le cros-chomhlíonadh a bhraitear le linn cigireachta AEOS.

18. Achomhairc

I gcásanna ina gcuirtear pionóis i bhfeidhm, tabharfar deich lá oibre do rannpháirtithe tar éis fógra foirmiúil le hachomharc a dhéanamh i scríbhinn chuig an Roinn agus na cúiseanna a thabhairt cén fáth nár chóir aon phionós a ghearrtar a chur i bhfeidhm. Cuirfear an rannpháirtí ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh an achomhairc. Beidh an t-achomharc tosaigh sin gan dochar do chearta an rannpháirtí achomharc a dhéanamh chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta.

19. Force Majeure

- 19.1. Sa chás nach bhfuil sé ar chumas tairbhí na tiomantais a tugadh a chomhlíonadh i gcónaí ar chúiseanna nach bhfuil aon neart aige/aici orthu, is féidir cás a dhéanamh faoi Force Majeure an plean a fhoirceannadh. Ba chóir don rannpháirtí nó a ionadaí/a hionadaí, i gcásanna den sórt sin, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Rannán AEOS, Eastáit Caisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman a chur ar an eolas i scríbhinn ag tabhairt na fianaise ábhartha laistigh de dheich lá oibre ón uair ar féidir é sin a dhéanamh.
- 19.2. D'fhéadfaí aitheantas a thabhairt, gan dochar d'imthosca iarbhír atá le tabhairt san áireamh i ngach cás aonair, do na catagóirí *force majeure* seo a leanas:
- a) bás an rannpháirtí,
 - b) éagumas gairmiúil fadtéarmach an rannpháirtí,
 - c) díshealbhú chuid mhór den ghabháltas mura raibh súil le díshealbhú den sórt sin ar dhul isteach sna Scéimeanna,

- d) tubaiste nádúrtha a dhéanann difear do thalamh talmhaíochta an ghabháltais.
- e) scrios foirgnimh bheostoic ar an bhfeirm trí thimpiste,
- f) ráig de ghalar a mbíonn éifeacht aige ar an mbeostoc ar fad ar an fheirm nó ar chuid den fheirm, nó
- g) diúscairt talún nó talamh a fhágáil chun ordú cúirte nó socraíocht dhlíthiúil a shásamh i gcás cliseadh pósta.

20. Bás rannpháirtí

- 20.1. Sa chás go bhfaigheann rannpháirtí bás le linn tréimhse an chonartha, cuirfear *force majeure* i bhfeidhm leis an gcomhaontú a fhoirceannadh agus ní lorgófar aisíocaíocht cúnaimh atá íoctha cheana féin agus sá chás go bhfuil éileamh íocaíochta bailí idir lámha déanfar an íocaíocht suas go dtí dáta an bháis.
- 20.2. Mar rogha air sin, is féidir le marthanóir atá i dteideal na gealltanais riachtanach a thabhairt, iarratas a dhéanamh leis an gconradh a thógáil ar láimh ar feadh na tréimhse atá fanta.

21. Comhiarratasóirí/Iiarratasóirí

- 21.1. Sa chás go ndéantar an t-iarratas faoi níos mó ná ainm amháin beidh gach duine a ainmnítear i gcomhpháirt agus go leithleach freagrach as na tiomantais a rinneadh a sheachadadh agus beidh siad faoi réir i gcomhpháirt agus go leithleach ag Téarmaí agus Coinníollacha gach Scéim.
- 21.2. Sa chás go ndéantar an t-iarratas faoi níos mó ná ainm amháin, ní mór do na hiarratasóirí uimhir thréada aonair a bheith acu agus a gcuid tailte ar fad ar an gCóras Riaracháin agus Rialaithe Comhtháite (IACS) a dhearbhú faoin uimhir thréada seo. Ní mór go síneodh na daoine ar fad atá ainmnithe ar an uimhir thréada an t-iarratas.

22. Comhpháirtíochtaí Feirme

Tá feirmeoirí atá i gComhpháirtíocht Táirgeachta Bainne (MPP) cláraithe agus atá rangaithe mar ‘tháirgeoir bainne’ nó mar ‘fheirmeoir eile’ i dteideal iarratas a dhéanamh ar an scéim, ar an gcoinníoll:

- a) go ndéantar an t-iarratas san ainm céanna leis an Iarratas ar Íocaíocht Aonair.
- b) go mbíonn liosta de na dáileachtaí LPIS a thugann gach comhpháirtí aonair chuig an gcomhpháirtíocht ag gabháil leis an iarratas.
- c) go dtugann gach comhpháirtí, suas go dtí uaslíon de trí chomhpháirtí, san MPP tiomantais ar na dáileachtaí a thug sé/sí chun na comhpháirtíochta suas go dtí uasluach de €4,000 in aghaidh an chomhpháirtí
- d) go bhfuil gach comhpháirtí freagrach i gcomhpháirt agus go leithleach as seachadadh gach gníomh AEOS ar na tailte a bhfuil an chomhpháirtíocht i mbun feirmeoireachta orthu.

23. Ceart chun Dul Isteach

- 23.1. Coimeádann an tAire an ceart tabhairt faoi iniúchtaí ag amanna réasúnta ar thalamh, áitribh, monarcha, trealamh, beostoc agus taifid ar bith iarratasóirí/rannpháirtithe. Féadfar spotseiceáil a dhéanamh laistigh de 3 mhí tar éis don rannpháirtí an Conradh a chríochnú.
- 23.2. Nuair a sheoltar iarratas AEOS isteach, comhaontaíonn iarratasóirí cead a thabhairt d'oifigigh agus do ghníomhairí na Roinne thabhairt faoi chigireachtaí ar an fheirm, le fógra nó gan aon fhógra a thabhairt roimh ré ag aon am(anna) réasúnta agus gan dochar do dhliteanas poblí.
- 23.3. Beidh gach cigireacht spotseiceála (talún) faoi réir tuairisce agus má tá an t-iarratasóir nó a ionadaí/a hionadaí i láthair tabharfar deis dóibh an tuairisc a shíniú a léiríonn go raibh sé/sí i láthair ag an gcigireacht agus is féidir leis/léi a chuid/a cuid tuairimí a chur leis más mian leis/léi. Ní thugann síniú an doiciméid seo le tuiscint go nglacann an t-iarratasóir nó a ghníomhaire/a ghníomhaire le torthaí na cigireachta.

24. Freagracht Iarratasóra

- 24.1. Beidh sé mar fhreagracht ar an iarratasóir í féin/é féin a chur ar an eolas maidir le Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime, na Sonraíochtaí Comhshaoil Talmhaíochta agus leasuithe ar an gcéanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le sárú na Scéimeanna.
- 24.2. Ní thugann cead nó íocaíocht cúnaimh faoi na Scéimeanna le tuiscint go nglacann an tAire aon fhreagracht maidir le hoibleagáidí a gheall an rannpháirtí.

25. Mainneachtain cloí le Téarmaí agus Coinníollacha na Scéimeanna

- 25.1. Sa chás, chun críocha íocaíocht a fháil faoi na Scéimeanna lena mbaineann na Téarmaí agus Coinníollacha seo, go ndéanann an t-iarratasóir ráiteas bréagach nó míthreorach go feasach, nó go gcoimeádann sé siar eolas riachtanach, féadfar an rannpháirtíocht in aon Scéim nó sna Scéimeanna ar fad a fhoirceannadh agus aisíocfar an cúnamh ar fad nó an chuid de a bhí íoctha, lena n-áirítear aon íocaíocht infheistíochta caipitil neamhtháirgiúil.
- 25.2. Coimeádann an tAire an ceart suimeanna den sórt sin a fhritháireamh in aghaidh airgead eile a bheidh iníoctha ag an Roinn leis an iarratasóir faoi Scéimeanna atá maoinithe ag an AE nó cómhaoinithe i gcásanna den sórt sin. Coimeádann an tAire an ceart freisin duine den sórt sin a eisiaimh ó thuilleadh rannpháirtíochta i ngach Scéim nó in aon cheann de na Scéimeanna sin ar feadh cibé tréimhse den sórt sin a chinnefar. Sa chás go mainníonn an tairbhí cloí le Téarmaí agus Coinníollacha na Scéimeanna ábhartha nó má tá aon athrú ábhartha in imthosca an iarratasóra a bheidh contrártha le focal nó le spiorad na Scéimeanna, féadfar rannpháirtíocht a

fhoirceannadh agus aisíocfar an cúnamh ar fad atá íoctha nó cuid de, lena n-áirítear aon íocaíocht infheistíochtaí caipitil neamhtháirgiúil. Coimeádann an tAire an ceart freisin suimeanna den sórt sin a fhritháireamh in aghaidh airgid eile a bheadh iníoctha ag an Roinn leis/léi.

- 25.3. Má dhéanann an t-iarratasóir nó daoine eile atá ag gníomhú ina n-aonair nó le chéile iarracht cúnamh a fháil faoi aon cheann nó faoi na Scéimeanna ar fad le calaois d'fhéadfadh sé go gcuirfí an dlí ar dhaoine den sórt sin.

26. Athbhreithniú ar Chúnamh Airgeadais

Coimeádann an tAire an ceart infhaighteacht ar na Scéimeanna a shrianadh agus méid an cúnamh airgeadais a shonraítear sna Scéimeanna a athrú, sa chás go n-éilíonn an ócáid sin, faoi réir i gcónaí ag forálacha aon reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh.

27. Coinníollacha Íocaíochta

Beidh gach íocaíocht faoi na Scéimeanna seo faoi réir ag coinníollacha a leag an tAire síos, nach mór don iarratasóir a chomhlíonadh ina n-iomlán.

28. Ceanglas maidir le hImréiteach Cánach

